Cuntas Leithreas 2012

# Vóta 33

# Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2012, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Bunaíodh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta go foirmeálta ar 2 Meitheamh 2011. Léiríonn figiúirí toraidh 2011 sa chuntas caiteachas lán bliana ar Ealaíona, Cultúr, Scannáin agus Oidhreacht. Baineann an caiteachas ar an nGaeilge, ar an nGaeltacht, ar na hOileáin agus ar Chomhoibriú Thuaidh/Theas leis an tréimhse ó 1 Bealtaine 2011 amháin, áfach: áirítear caiteachas roimh an dáta sin i Vóta na hiarRoinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7 ina bpáirt den Chuntas seo.

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta**

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh Cuntais Leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an Chuntais, cé is móite den méid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Réadmhaoin stairiúil áirithe leithéidí páirceanna náisiúnta, agus sócmhainní oidhreachta cosúil le déantáin agus lámhscríbhinní, luacháilte.

**Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí,
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Caillteanas Sócmhainní***

Fuair an Roinn amach faoi chaillteanas roinnt rudaí a bhí á gcoimeád i stóras príobháideach ar a son, agus chuir sí sin in iúl don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Chuir an Roinn An Garda Síochána ar an eolas freisin, agus tá siad siúd ag tabhairt faoi imscrúdú ar an gceist faoi láthair.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha,
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Seosamh Ó hÁghmaill**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2013

# Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar an Mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Na healaíona, cultúr agus scannán | 132,379 | 133,073 | 145,781 |
| B | Oidhreacht | 48,545 | 46,002 | 48,852 |
| C | An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin | 44,780 | 44,012 | 40,649 |
| D | Comhoibriú Thuaidh-Theas | 42,747 | 42,696 | 32,020 |
| | **Ollchaiteachas** | **268,451** | **265,783** | **267,302** |
| | **Lúide** | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **4,679** | **5,938** | **5,614** |
| | **Glanchaiteachas** | **263,772** | **259,845** | **261,688** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don bhliain | 3,927,344 | 2,410,967 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 1,200,000 | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | 2,727,344 | 2,410,967 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an Mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 30,263 | 30,513 | 30,696 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,521 | 1,238 | 1,164 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,068 | 493 | 417 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 715 | 552 | 578 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,423 | 973 | 1,272 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 909 | 726 | 676 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 138 | 45 | 36 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 389 | 270 | — |
| | | 36,426 | 34,810 | 34,839 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 230,974 | 232,463 |
| Pá[1] | | 30,783 | 30,696 |
| Neamhphá | | 4,026 | 4,143 |
| **Ollchaiteachas** | | **265,783** | **267,302** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,938** | **5,614** |
| **Glanchaiteachas** | | **259,845** | **261,688** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead Ceannachán | (1,128) | | |
| Dímheas | 1,140 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 14 | | |
| | | 26 | 614 |
| **Athruithe ar Shócmhainní atá á bhForbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (9) | (115) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (303) | | |
| Laghdú ar stoc | 37 | | |
| | | (266) | (655) |
| **Caiteachas díreach** | | **259,596** | **261,532** |
| | | | |
| **Caiteachas a íocadh in áit eile** | | | |
| Caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 9,706 | 8,884 |
| Measchíosanna | | 4,206 | 4,182 |
| **Glanchostas an chláir** | | **273,508** | **274,598** |

[1] Cuimsíonn an figiúr pá do 2012 tuarastail d'Uachtaránacht an AE ar luach €270,000.

### 1.1 Caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 agus a íocadh in áit eile .

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,646 | 4,135 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,285 | 4,148 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 377 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 620 | 62 |
| Ciste Lárnach - pinsin Aireachta | 155 | 162 |
| | 9,706 | 8,884 |

## 2 Clár Comhordaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 40,172 | 40,324 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | 8,607 | 8,598 |
| | | **48,779** | **48,922** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 1,096 | 10,774 |
| Stoic | 2.6 | 225 | 262 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,167 | 1,108 |
| Ioncam fabhraithe | | 181 | 219 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 2,039 | 1,124 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **5,708** | **13,487** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 1,541 | 823 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 1,603 | 1,486 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 1,532 | 10,412 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **4,676** | **12,721** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,032 | 766 |
| **Glansócmhainní** | | **49,811** | **49,688** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **49,811** | **49,688** |

| **2.1 Cuntas Chiste an Stáit** | **Nóta** | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | 49,688 | 2,810 |
| Íostarraingt an chiste | 2.2 | 269,551 | 270,572 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | 4,206 | 4,182 |
| Míreanna eile neamhairgid | | (126) | 46,722 |
| Glanchostas an chláir | 1 | (273,508) | (274,598) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | **49,811** | **49,688** |

| **2.2 Íostarraingt an chiste** | **Nóta** | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | |
| Soláthar an Mheastacháin | Cuntas | 263,772 | 264,099 |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (3,927) | (2,411) |
| | | 259,845 | 261,688 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áit eile | 1 | 9,706 | 8,884 |
| **Íostarraingt iomlán an chiste** | | **269,551** | **270,572** |

## 2.3 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus innealra | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Mórshócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2012 | 35,449 | 9,010 | 6,407 | 4,718 | 55,584 |
| Breiseanna | 792 | 34 | 274 | 28 | 1,128 |
| Coigeartú [1] | — | (248) | (86) | (272) | (606) |
| Aistrithe chuig Ranna eile[1] | — | — | (104) | (2) | (106) |
| Diúscairtí | — | (25) | (68) | (27) | (120) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2012 | 36,241 | 8,771 | 6,423 | 4,445 | 55,880 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2012 | 144 | 7,367 | 5,463 | 2,286 | 15,260 |
| Dímheas don bhliain | 47 | 547 | 370 | 176 | 1,140 |
| Coigeartú [1] | — | (234) | (73) | (178) | (485) |
| Aistrithe chuig Ranna eile[1] | — | — | (100) | (1) | (101) |
| Dímheas ar dhiúscairt | — | (20) | (62) | (24) | (106) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2012 | 191 | 7,660 | 5,598 | 2,259 | 15,708 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2012** | **36,050** | **1,111** | **825** | **2,186** | **40,172** |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2011** | **35,305** | **1,643** | **944** | **2,432** | **40,324** |

[1] FollowinTar éis bhunú na Roinne i Mí Mheithimh 2011, bhí Córas comhtháite Bainistithe Airgeadais lánoibríochtúil ó Mhí Eanáir 2012 agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar chlár na sócmhainní seasta i Mí Eanáir 2012. De bhun an phróisis seo, rinne an Roinn coigeartú de €605,940 (glanluach de réir na leabhar de €120,605).

Ina theannta sin, baineadh sócmhainní ar costas €106,437 (glanluach de réir na leabhar de €5,586) ón gclár ós rud é gur aistríodh iad chuig an Roinn Timpeallachta, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

| ar an 31 Nollaig 2012 | **Aerstráicí á bhForbairt** |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2012 | 8,598 |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain | 9 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2012 | 8,607 |

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| at 31 December | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,110 | 11,423 |
| Orduithe gan réiteach | (14) | (649) |
| | 1,096 | 10,774 |

## 2.6Stoic

| ar an 31 Nollaig | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | 59 | 73 |
| Breoslaí agus leasacháin | 34 | 28 |
| Stáiseanóireacht | 33 | 23 |
| Tomhaltáin trealaimh | 11 | 12 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 10 | 29 |
| Tomhaltáin TF | 20 | 39 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 58 | 58 |
| | 225 | 262 |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ar an 31 Nollaig | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ciste na Timpeallachta | 1,203 | — |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 270 | 130 |
| Scéim na gCoillte Dúchasacha | 256 | 268 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 310 | 726 |
| | 2,039 | 1,124 |

| **2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 445 | 531 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 206 | 236 |
| Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla | 153 | 13 |
| Cáin Bhreisluacha | 87 | 12 |
| Asbhaintí pinsin | 12 | 76 |
| | 903 | 868 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 411 | 459 |
| Eile | 289 | 159 |
| | 1,603 | 1,486 |

| **2.9 Glandliteanas don Státchiste** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 2,727 | 2,411 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,200 | — |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (2,395) | 8,001 |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,532 | 10,412 |
| | | |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,096 | 10,774 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 2,039 | 1,124 |
| | 3,135 | 11,898 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (903) | (868) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (700) | (618) |
| | (1,603) | (1,486) |
| | | |
| | 1,532 | 10,412 |

## 2.10 Ceangaltais

| ar an 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí | 29,422 | 21,242 |

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas 2003-2011 €000 | Caiteachas 2012 €000 | Na blianta ina dhiaidh sin €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| ACCESS (deontais forbartha cultúir) | 10,729 | 2,376 | 5,868 | 18,973 |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 51,491 | 219 | 1,928 | 53,638 |
| Cé Chill Rónáin | 43,227 | 351 | 255 | 43,833 |
| | 105,447 | 2,946 | 8,051 | 116,444 |

## 2.11 Dliteanais Aibithe

Ba é luach mheastachán na ndliteanas aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana ná €8,031 (€2011 – 20,455).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fho-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,884 | 4,985 | 4,724 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 774 | 905 | 942 |
| A.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | 56 | 40 | 29 |
| A.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | 1,409 | 1,547 | 1,522 |
| A.5 | Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (deontas i gcabhair) | 11,870 | 11,870 | 12,896 |
| A.6 | Iarsmalanna, dánlanna, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | 4,165 | 4,164 | 4,296 |
| A.7 | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | 6,025 | 6,367 | 8,460 |
| A.8 | Cultúr Éireann | 3,560 | 3,560 | 6,994 |
| A.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) (deontas i gcabhair) | 63,241 | 63,241 | 65,163 |
| A.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann (deontas i gcabhair) | 12,585 | 12,585 | 14,240 |
| A.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (deontas i gcabhair) | 7,120 | 7,120 | 8,084 |
| A.12 | Bord Scannán na hÉireann (deontas i gcabhair) | 15,690 | 15,690 | 18,431 |
| A.13 | Uachtaránacht an AE - An Clár Cultúir | 1,000 | 999 | — |
| | | **132,379** | **133,073** | **145,781** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €694,000 níos mó ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

| **Cur síos** | **Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | (138) | D'eascair an caiteachas breise mar gheall ar thionscadal TE bunriachtanach le seirbhísí idirlín na Cartlainne Náisiúnta a uasghrádú. |
| Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | (342) | Braitheann an caiteachas ar an bhfotheideal seo ar dhul chun cinn maidir le tionscadail atá faofa le haghaidh deontais. Tharla an róchaiteachas mar gheall ar dhul chun cinn na dtionscadal agus aibiú na ndliteanas níos gaiste ná mar a bhíothas ag súil leis i dtús báire. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar an mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Oidhreacht** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 21,872 | 22,376 | 23,013 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 4,249 | 2,301 | 2,346 |
| B.3 | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,811 | 4,811 | 5,992 |
| B.4 | Oidhreacht thógtha | 2,843 | 2,828 | 3,509 |
| B.5 | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 14,397 | 13,313 | 13,617 |
| B.6 | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | 373 | 373 | 375 |
| | | **48,545** | **46,002** | **48,852** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €2,543,000 níos lú ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 1,948 | Braitheann an caiteachas ar an bhfotheideal seo ar dhul chun cinn maidir le tionscadail atá faofa le haghaidh deontais. Tharla an róchaiteachas mar gheall ar dhul chun cinn na dtionscadal agus aibiú na ndliteanas níos gaiste ná mar a bhíothas ag súil leis i dtús báire. |
| Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 1,084 | D’eascair an coigilteas ós rud é nach ndeachaigh tionscadal le buntacú eolaíoch a sholáthar do bhainistiú todhchaí na Sainlimistéar Caomhnaithe portaigh ardaithe ar aghaidh faoi mar a beartaíodh de dheasca moille gan choinne sa phróiseas soláthair. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 3,715 | 3,256 | 2,852 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 722 | 786 | 825 |
| C.3 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta | 9,123 | 8,789 | 9,454 |
| C.4 | Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,625 | 4,612 | 5,456 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | 650 | 607 | 431 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta – riarachán | 9,871 | 9,871 | 6,848 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | 3,273 | 3,273 | 2,475 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 5,938 | 5,938 | 5,500 |
| C.9 | Na hOileáin | 6,863 | 6,880 | 6,808 |
| | | **44,780** | **44,012** | **40,649** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €768,000 níos lú ná mar a bhí curtha ar fail. Níor chomhlíon aon cheann de na fotheidil laistigh de chlár C na critéir do mhíniú substaintiúil.

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Comhoibriú Thuaidh-Theas** | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | 181 | 166 | 107 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 29 | 34 | 30 |
| D.3 | An Foras Teanga | 15,438 | 15,397 | 11,707 |
| D.4 | Uiscebhealaí Éireann | 27,099 | 27,099 | 20,176 |
| | | **42,747** | **42,696** | **32,020** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €51,000 níos lú ná mar a bhí curtha ar fáil. Níor chomhlíon aon cheann de na fotheidil laistigh de chlár C na critéir do mhíniú substaintiúil.

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | An Chartlann Náisiúnta | 56 | 40 | 30 |
| 2. | Fáltais ilghnéitheacha | 343 | 956 | 715 |
| 3. | Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean etc.) | 130 | 92 | 156 |
| 4. | Díol maoine | 25 | 8 | 10 |
| 5. | Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 375 | 684 | 790 |
| 6. | Táillí/muirir a bhaineann le haerstráicí | — | 4 | 1 |
| 7. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 3,750 | 4,154 | 3,912 |
| | **Iomlán** | **4,679** | **5,938** | **5,614** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteideal sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

| Ceannteideal | Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fail €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ilghnéitheacha | (613) | Bhí leibhéal na bhfáltas pinsin ó Ghníomhaireachtaí a measadh ag an Roinn do 2012 (€343,000) níos ísle ná méid na ranníocaíochtaí a fuarthas (€952,977). |
| Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | (309) | Tá figiúr na meastachán stairiúil agus léiríonn na fáltais iomarcacha réadaithe an méid sin. Tá tiomantas tugtha ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an meastachán. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | (404) | Bhí leibhéal na bhfáltas tobhaigh pinsin ó ghníomhaireachtaí a measadh ag an Roinn do 2012 níos ísle ná méid na ranníocaíochtaí a fuarthas. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

D’íoc an Roinn €21,010 chuig an Státchiste (2011 : €48,361). Cuimsíonn sin go príomha príomhshuim agus aisíocaíochtaí úis maidir le hiasachtaí do thithíocht sa Ghaeltacht.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne na Roinne agus na ngníomhaireachtaí/gcomhlachtaí ag deireadh na bliana** (cóibhéis lánaimseartha) | 1,557 | 1,648 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 65,289 | 60,214 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 129 | 218 |
| Liúntais eile | 1,021 | 1,175 |
| Ragobair | 2,263 | 1,904 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,412 | 4,796 |
| **Pá Iomlán** | **74,114** | **68,307** |

Cuimsíonn an figiúr iomlán pá eilimintí pá ó na fotheidil seo a leanas: A1, A5, A9, A10, A11, A12, B1, B3, C1, C5, C6, D1, D3, D4.

Ní chuireann na figiúirí toraidh do 2011 caiteachas ábhartha san áireamh a tabhaíodh ag an iarRoinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta don tréimhse 1 Eanáir go 30 Aibreán 2011.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 56 | 3 | 12,565 | 15,093 |
| Liúntais eile | 681 | 13 | 35,952 | 24,373 |
| Ragobair | 613 | 57 | 21,422 | 24,663 |

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann siad sin isteach amháin

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

# 6 Ilghnéithe

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Faoi fho-mhírchinn A.9, B.3 agus C.4, bhí caiteachas iomlán de €72.7 milliún páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta. Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.ahg.gov.ie).

### 6.2 Costais Dlí

Tá na Costais Dlí a íocadh le linn na bliana rangaithe mar seo a leanas

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí dlí | 109 | 13 |
| Costais chúitimh | 57 | 225 |
| | 166 | 238 |

### 6.3 Caillteanas Sócmhainní

Tá fiosrúchán ar siúl ag an nGarda Síochána maidir le caillteanas roinnt míreanna a bhí á stóráil go príobháideach ar son na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**7.1 Íocaíochtai i leith Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, An Ceoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 5,392 | 6,093 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,598 | 2,579 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,627 | 2,874 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,253 | 1,350 |
| | 11,870 | 12,896 |

**7.2 Ciste Tiomnachta Crowley**

Glacadh leis an tiomnacht ag an Stát i 1997, agus í le húsáid le tabhairt faoi thionscadal ina mbeadh liostáil, micreascannánú agus foilsiú Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815 – 1853 i gceist. Is é atá i gceist leis an muirear ar an gciste ná costais caomhnaithe agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal seo.

**Cuntas na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 459 | 525 |
| Íocaíochtaí | (48) | (66) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 411 | 459 |

**7.3 Ráiteas Iasachtaí do Thithe Gaeltachta**

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht), 1929 go 2011 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid Tosaigh ar an 1 Eanáir | | 218 | 228 |
| Ús fabhraithe pionósach bliantúil | | 4 | 5 |
| Díscríobh iasachtaí | | — | — |
| Díscríobh úis | | (2) | — |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (10) | | |
| Ús | (3) | (13) | (15) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig | | 207 | 218 |

# Aguisín

**Tailte agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus iad á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu.**

Faoi láthair bainistíonn an Roinn sé ionad Páirce Náisiúnta, eadhon

1 Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
2 Páirc Náisiúnta Bhoirne
3 Páirc Náisiúnta Chonamara
4 Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
5 Páirc Náisiúnta Chill Airne
6 Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

I 2013, chuir an Roinn tús le tionscadal fadtéarmach ar aidhm leis bunachar sonraí leictreonach eolais réadmhaoine a fhorbairt do thalamh agus d'fhoirgnimh a fuarthas ag an Roinn.